



An Roinn Ealaíon, Oidhreacht,  
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta  
Department of Arts, Heritage,  
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs



## Comhordaitheoir agus Riarthóir Tionscadail (Cúntóir Riaracháin Sinsearach II)

Oibreoidh an Comhordaitheoir agus Riarthóir Tionscadail go príomha ar thionscadal de chuid DCU, Fáilte ar Líne. Beifear ag tógáil ar fhorbairtí reatha ceannródaíocha i réimse na foghlama digití sa Ghaeilge sa tionscadal seo agus cuirfear deis mhealltach ar fáil don té a cheapfar sa ról oibriú le foireann fhuinniúil, idirdhisciplíneach agus an obair sin á comhordú. Beidh tú ag feidhmiú faoi stiúir an Phríomhthaighdeora agus déanfaidh tú meitheal an tionscadail a chomhordú trí bheith ag obair go dlúth le lucht acadúil, teicneolaithe foghlama, taighdeoirí, comhairleoirí seachtracha agus rannpháirtithe eile chun spriocanna Fáilte ar Líne a bhaint amach. Conradh suas le 3 bliana é seo atá le tosú nuair a cheapfar duine sa ról.

### Dualgais:

- An tionscadal a phleanáil agus a chur i bhfeidhm faoi stiúir an Príomhthaighdeora
- Foireann Fáilte ar Líne agus a n-ualach oibre a chomhordú
- Cur síos éifeachtúil a dhéanamh ar spriocanna agus ar riachtanais an tionscadail
- Spriocanna agus saincheistanna a fhorbairt agus a shoiléiriú ar bhealach struchtúrtha, agus iad a choinneáil ar chomhaid an tionscadail
- Spriocdhátaí agus aschuir an tionscadail a chomhordú agus ardchaighdeán na n-aschur céanna a dheimhniú
- Cáipéisíocht an tionscadail a ullmhú, a choimeád agus a chomhordú go héifeachtúil, .i. costasú, plean an tionscadail, amlínte, sonrúcháin agus tuairisciú an tionscadail
- Sonrúcháin le haghaidh riachtanais nua, bhreisthe nó leasaithe an tionscadail a dhearbhu
- Cumarsáid leanúnach a dhéanamh le rannpháirtithe inmheánacha agus seachtracha
- Gníomhaíochtaí margaíochta an tionscadail a chomhordú, na nithe sonracha seo a leanas san áireamh: ábhar margaíochta a sheoladh ar shuíomh Idirlín an tionscadail, ar na meáin shóisialta agus ar bhealaí traidisiúnta margaíochta eile
- Dualgais riaracháin an tionscadail a chur i gcrích go héifeachtúil agus go tráthúil
- Aiseolas cuí faoin togra a chur ar fáil don Phríomhthaighdeoir
- Obair as do stuaim féin agus de réir spriocdhátaí aontaithe
- Réimse tascanna a bhainistiú i gcomhthráth lena chéile agus solúbthacht patrún oibre a léiriú maidir le spriocdhátaí a bhaint amach
- Saincheistanna agus rioscaí a chur faoi bhráid an Phríomhthaighdeora nuair is cuí
- Dualgais eile a dhéanamh ó thráth go chéile de réir threoir agus riachtanais an Príomhthaighdeora

### Taithí agus Riachtanais:

Beidh sár-scileanna bainistíochta, riaracháin agus idirphearsanta ag an iarrthóir. Tá máistreacht sa ghnó agus taithí ar bheith ag obair i dtimpeallacht ardoideachais inmhianaithe. Tá taithí maidir le feidhmiú mar bhall d'fhoireann ilghnéitheach riachtanach. Beidh sár-scileanna Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, ag an iarrthóir rathúil.

## Riachtanais Scileanna

- Scileanna follasacha bainistíochta agus riaracháin a léiriú
- Scileanna idirphearsanta den scoth agus an cumas caidreamh oibre éifeachtúil a chothú leis an bhfhoireann
- Bheith inniúil ar fhoireann a chomhordú agus a spreagadh
- Cur chuige foireann-bhunaithe a chur i bhfeidhm maidir le fadhbréiteach cruthaitheach agus nuálach
- Taithí ar bheith ag obair i dtimpeallacht ardoideachais trí mheán na Gaeilge
- Sár-scileanna eagrúcháin agus bainistíochta, mar aon le bheith inniúil ar thosaíochtaí soiléire a leagan amach
- Bheith sásta taisteal idir campais éagsúla agus oibriú taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre nuair is gá
- Scileanna cumarsáide éifeachtúla maidir le labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla araon
- Bheith toilteanach tabhairt faoi dheiseanna oiliúna agus forbartha, agus iad a stiúradh

Scála Tuarastail: €46,513-€51,864

*Déanfar an ceapachán de réir cáilíochtaí agus taithí ar an bpointe cuí den scála tuarastail, faoi réir pholasaí pá reatha an Rialtais.*

Spríodhata le haghaidh iarratas: 16 Feabhra 2017

### **Ba chóir fiosrúcháin neamhfhoirmeálta faoin ról seo a dhéanamh le:**

An Dr Mairéad Nic Giolla Mhichíl

Léachtóir Sinsearach agus Comhalta Taighde

An Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach & Fiontar agus Scoil na Gaeilge,

Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Rphost: mairead.nicgiollamhíicil@dcu.ie; Fón: +353 (0)1 700 6143.

### **Modh Iarratais**

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar an suíomh *DCU Current Vacancies (open Competitions)* ag <http://www.dcu.ie/vacancies/current.shtml> agus ón Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Ghlas Naíon DCU, BÁC 9, Éire. Fón: +353 (0) 1 700 5149.

Luaigh go soiléir sa líne ábhair den rphost agus san iarratas féin an ról a bhfuil tú ag cur isteach air, an tagairt phoist san áireamh: Tag. #483 Comhordaitheoir agus Riarthóir Tionscadail.

Ba chóir iarratais a sheoladh de rphost chuig [hr.applications@dcu.ie](mailto:hr.applications@dcu.ie) nó le facs: +353 (0)1 700 5500 nó sa ghnáthphost chuig An Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Ghlas Naíon DCU, BÁC 9, Éire.

Tá an tionscadal seo á chómhaoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, faoi scáth chlár Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

**Fostóir comhdhiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.**